



2026/1751

21.7.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1751 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Iúil 2026

Iena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/154 a mhéid a bhaineann le bearta idirthréimhseacha

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/154 ón gCoimisiún ⁽²⁾, údaraíodh an tsubstaint cré shéipailíteach mar bhreiseán beathaithe ar feadh tréimhse 10 mbliana le haghaidh gach speicis ainmhíoch seachas athchogantaigh le haghaidh táirgeadh bainne nó atáirgthe, bainbh scoite de speicis mhucúla, speicis mhucúla lena ramhrú, salmainidí agus sicíní lena ramhrú sa chatagóir ‘breiseáin theicneolaíocha’ agus sna feidhmghrúpaí ‘ceanglóirí’ agus ‘oibreáin frithstolptha’. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/154, leasaíodh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/263 ón gCoimisiún ⁽³⁾ freisin.
- (2) De ghnáth, déantar foráil maidir le bearta idirthréimhseacha nuair a dhéantar athmheastóireacht ar bhreiseáin a údaraítear de bhun Threoir 70/524/CEE ón gComhairle ⁽⁴⁾, rud a chuireann ar a gcumas do pháirtithe leasmhara iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a eascraíonn as an údarú a chomhlíonadh. Mar sin féin, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/154, fágadh ar lár go hearráideach foráil maidir le bearta idirthréimhseacha den sórt sin a mhéid a bhaineann le gach speiceas ainmhíoch seachas athchogantaigh le haghaidh táirgeadh bainne nó atáirgthe, bainbh scoite de speicis mhucúla, speicis mhucúla lena ramhrú, salmainidí agus sicíní lena ramhrú.
- (3) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/154 a cheartú dá réir sin trí fhoráil a dhéanamh maidir le bearta idirthréimhseacha a bhaineann le cré shéipailíteach a chur ar an margadh agus a úsáid, mar a údaraítear de bhun Threoir 70/524/CEE ón gComhairle, lena húsáid le haghaidh gach speicis ainmhíoch seachas athchogantaigh le haghaidh táirgeadh bainne nó atáirgthe, bainbh scoite de speicis mhucúla, speicis mhucúla lena ramhrú, salmainidí agus sicíní lena ramhrú.
- (4) Chun suaithheadh sa mhargadh agus iarmhairtí díobhálacha do na hoibreoirí lena mbaineann a chosc i ngeall ar easpa beart idirthréimhseach a mhéid a bhaineann leis na spriocainmhithe lena mbaineann i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/154, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne agus ba cheart feidhm chúlghabhálach a bheith aige ó dháta theacht i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/154.
- (5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj>.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/154 ón gCoimisiún an 23 Eanáir 2026 maidir le cré shéipailíteach a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch seachas athchogantaigh le haghaidh táirgeadh nó atáirgeadh bainne, bainbh scoite de speicis mhucúla, speicis mhucúla lena ramhrú, salmainidí agus sicíní lena ramhrú agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/263 a mhéid a bhaineann le téarmaí údaraithe cré séipailítí mar bhreiseán beathaithe le haghaidh salmainidí agus sicíní lena ramhrú (IO L, 2026/154, 26.1.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/154/oj).

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/263 ón gCoimisiún an 7 Feabhra 2023 maidir le cré shéipailíteach a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh athchogantaigh dhéiríochta, *Suidae* scoite agus *Suidae* lena ramhrú, salmainidí agus sicíní lena ramhrú (IO L 37, 8.2.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/263/oj).

⁽⁴⁾ Treoir 70/524/CEE ón gComhairle an 23 Samhain 1970 maidir le breiseáin in ábhair bheatha (IO L 270, 14.12.1970, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/1970/524/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceartú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/154

Cuirtear Airteagal 3a seo a leanas isteach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/154:

‘Airteagal 3a

Bearta idirthréimhseacha

1. An tsubstaint cré shéipailíteach agus réamh-mheascáin a bhfuil an tsubstaint sin iontu, atá beartaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch seachas athchogantaigh le haghaidh táirgeadh bainne nó atáirgthe, bainbh scoite de speicis mhucúla, speicis mhucúla lena ramhrú, salmainidí agus sicíní lena ramhrú, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 22 Eanáir 2027 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 22 Iúil 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe.
2. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an tsubstaint dá dtagraítear i mír 1 iontu, atá beartaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch seachas athchogantaigh le haghaidh táirgeadh bainne nó atáirgthe, bainbh scoite de speicis mhucúla, speicis mhucúla lena ramhrú, salmainidí agus sicíní lena ramhrú, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 22 Iúil 2027 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 22 Iúil 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh bia-ainmhithe.
3. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an tsubstaint dá dtagraítear i mír 1 iontu, atá beartaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch seachas athchogantaigh le haghaidh táirgeadh bainne nó atáirgthe, bainbh scoite de speicis mhucúla, speicis mhucúla lena ramhrú, salmainidí agus sicíní lena ramhrú, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 22 Iúil 2028 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 22 Iúil 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh ainmhithe nach bia-ainmhithe iad.’

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 15 Feabhra 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN